

# SRÁIDAINMNEACHA: TREOIRLÍNTE

**NA LEAGANACHA GAEILGE  
D'AINMNEACHA SRÁIDEANNA, BÓITHRE  
AGUS EASTÁT:  
TREOIRLÍNTE**

**AN COIMISIÚN LOGAINMNEACHA**

**BAILE ÁTHA CLIATH**

© An Coimisiún Logainmneacha

An chéad chló 1992

## CLÁR AN ÁBHAIR

BROLLACH	1
RÉAMHRÁ	2
BUÍOCHAS	3
AIDHM NA dTREOIRLÍNTE	4
CUR CHUIGE RIACHTANACH	4
(1) Liostaí Gaeilge/Béarla agus Béarla/Gaeilge	4
(2) (i) Na Bunmhíreanna Aicmeacha	4
(ii) Na Míreanna Aidiachtúla	7
(3) Na Gnásanna Clóghrafacha	8
(4) Córas Seiceála	8
(5) Eolas Cúlra Áitiúil	8
(6) Gramadach	9
(i) Déileáil le Sloinnte Gaelacha	9
(ii) Déileáil le Sloinnte Neamh-Ghaelacha	9
(iii) Céadainmneacha	9
(iv) Ceist an tSéimhithe ar Logainmneacha sa Tuiseal Ginideach	10
(v) Ainmneacha Crann	10
ATHAINMNIÚ SRÁIDEANNA, BÓITHRE	11
AGUISÍN	12
(i) An Staid Dhlíthiúil	12
(ii) Ciorcláin Oifigiúla	13
(iii) Moltaí a Rinne an Grúpa Stiúrtha faoin nGaeilge sa tSeirbhís Rialtais Áitiúil	16
(iv) An Córas Pleanála	17
TAGAIRTÍ	18
SEOLTAÍ OIFIGIÚLA	19

## BROLLACH

Tá feidhmeanna tábhachtacha le logainmneacha mar cheangal idir muintir na hÉireann agus a dtimpeallacht fhisiceach sa lá atá inniu ann, agus mar cheangal idir iad agus a sinsir fadó. Mar sin, bíonn Brainse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis i mbun taighde go leanúnach d'fhonn teacht ar fhoirmeacha cearta Gaeilge na n-ainmneacha atá tagtha anuas chugainn mar oidhreacht. Ach ní mór cúram a dhéanamh de ghné bheo na cumadóireachta i gcás ainmniú bóithre, sráideanna agus ceantar nua i mbailte agus i gcathracha na tíre, chomh maith, agus féachaint chuige go mbíonn na hainmneacha nua ag teacht leis an timpeallacht fhisiceach agus leis an stair áitiúil. Ar an gcuma chéanna, is cóir dúinn a dheimhniú go ndéantar cúram cuí de leaganacha Gaeilge na n-ainmneacha uirbeacha seo, á litriú go cruinn agus á gcur in airde i gceart ar ainmchláir.

Ar an ábhar sin, tá áthas orm fáiltiú roimh an leabhrán dátheangach seo a chuireann treoirínte údarásacha ar fáil le haghaidh ainmniú sráideanna, bóithre agus eastát. Is cúis sásaimh ar leith dom gur eascair an saothar seo as comhoibriú idir fochoiste de chuid an Choimisiúin Logainmneacha agus Bardas agus Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath sa chéad áit, agus go ndeachthas i dteagmháil le Comhairlí Áitiúla uile an stáit ina dhiaidh sin, chun go mbeadh an saothar chomh cuimsitheach foirfe agus ab fhéidir. Tá súil agam nach fada go mbeidh dea-éifeacht na dtreoirínte seo le tabhairt faoi deara ar ainmchláir ar fud na tíre.



Aire Comhshaoil

## RÉAMHRÁ

Is maith mar a beartaíodh go rachadh Bardas agus Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath agus na Comhairlí Áitiúla i gcomhairle le coiste de chuid an Choimisiúin Logainmneacha féachaint le treoirínte a cheapadh a chuideodh le córas ainmniúcháin sráideanna, bóithre agus eastát a thabhairt chun foirfeachta.

Aithnítear go coitianta gur cuid thábhachtach dár n-oidhreacht na logainmneacha, sa mhéid gur léiriú iad ar ghnéithe den stair, idir pholaitiúil, shóisialta agus chultúrtha. Ní lú an tábhacht a bhaineann le sráidainmneacha is le hainmneacha eastát tithíochta.

Tá dualgais áirithe ar na húdaráis áitiúla i leith an ainmniúcháin seo, dualgais a gcuireann an dátheangachas lena ndeacrachtaí. Fadhb eile is ea claonadh a bheith uaireanta ann aithris a dhéanamh ar nósmaireacht a tháinig i dtreis faoi réimeas iasachta agus faillí a dhéanamh ar ainmneacha dúchasacha.

Is mian liom thar ceann an Choimisiúin Logainmneacha comhghairdeas a dhéanamh le Bardas agus Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath agus leis na Comhairlí Áitiúla as an saothar éifeachtach fadradharcach a rinne siad leis an leabhrán seo a sholáthar.

TOMÁS DE BHALDRAITHE  
Cathaoirleach,  
An Coimisiún Logainmneacha.

## BUÍOCHAS

Tá baill Fhochoiste Sráidainmneacha an Choimisiúin Logainmneacha fíorbhuíoch de gach aon duine a chabhraigh leo chun na Treoirlínte seo a ullmhú. Ba mhór an cúnamh a fuarthas ó na hÚdaráis Áitiúla ar fud na tíre a chuir a dtuairimí in iúl i dtaobh an dréachta de na Treoirlínte a seoladh chucu sa bhliain 1990. Gabhann siad buíochas leis an tSuirbhéireacht Ordanáis agus lena Stiúrthóir, an Coimisinéir James V. Rogers. Fuarthas comhairle chuiditheach ó bhaill Bhrainse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis. Táthar buíoch, leis, d'Art Ó Maolfabhail, Rúnaí an Choimisiúin Logainmneacha, as an gcabhair leanúnach a thug sé don Fhochoiste, agus de Chiarán Ó Coigligh, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, a chuir roinnt ábhair ar fáil.

Tá buíochas dlíthe do Phroinsias Ó Fithcheallaigh, Bainisteoir na Cathrach agus an Chontae, agus do na hoifigigh úd de chuid Bhardas agus Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath a raibh dlúthbhaint acu le réiteach an tsaothair seo. Táimid faoi chomaoin ag Peadar Ó Muirhíle agus ag Seán Ó Raghallaigh, Roinn Tráchtá agus Bóithre an Bhardais, as a gcomhoibriú tuisceanach i gcaitheamh an ama. Is mian leis an bhFochóiste Sráidainmneacha, thar ceann an Choimisiúin Logainmneacha, buíochas ar leith a ghabháil le Bardas Átha Cliath agus le Comhairle Chontae Átha Cliath, faoi rá is gurb iad na hÚdaráis Áitiúla seo a rinne cúram de mhaoiniú agus de chur i gcló na dTreoirlínte seo. Go gcúitítear a saothar leo!

Liam Mac Mathúna (Cathaoirleach)

Breandán S. Mac Aodha

Bearnárd Ó Dubhthaigh

## AIDHM NA dTREOIRLÍNTE

Is é rud atá i gceist leis na Treoirlínte seo ná córas caighdeánach chun ainmneacha Gaeilge sráideanna, bóithre agus eastát a chóiriú. Díritear go háirithe ar an bpróiseas a bhaineann le leaganacha Gaeilge d'ainmneacha na sráideanna a sholáthar.

### CUR CHUIGE RIACHTANACH

#### (1) Liostaí Gaeilge/Béarla agus Béarla/Gaeilge

Chun go mbeadh an obair seo de réir a chéile i gceantar aon údaráis ar leith, gan trácht ar cheantair ar fud na tíre, teastaíonn liostaí nó innéacsanna iomlána atá bord ar bhord leis an aimsir (idir Ghaeilge/Béarla agus Bhéarla/Gaeilge). Níor mhór na liostaí seo a bheith ar fáil i dteannta léarscáileanna sráideanna a luaithe agus is féidir, chun go mbeadh slacht ceart ar an saothar.

#### (2) (i) Na Bunmhíreanna Aicmeacha

Seo thíos liosta caighdeánach na mbunmhíreanna aicmeacha:

Áirse	Arch
Árais	Mansions
Árasáin	Flats
Ard	Rise
Arda	Heights
Ardán	Terrace
Ascaill	Avenue
Bailtíní	Villas
Barra	Bar
Bealach	Way
Bogha	Bow
Bóithrín	Bohereen
Bóthar	Road
Brí	Brae
Bruach	Bank
Búlhard	Boulevard
Calafort	Harbour
Caolbhealach	Slip

Cé	Quay
Ceapach	Glade
Cearnóg	Square
Ceathrú	Quarter(s)
Céide	Drive
Céimeanna	Steps
Clós	Close
Clós	Yard
Cluain	Meadow
Cnoc	Hill
Cnocán	Mount
Coill(te)	Wood(s)
Colúnra	Colonnade
Corrán	Crescent
Cosán	Path
Croit	Croft
Crosaire	Cross
Cúirt	Court
Cumairín	Dingle
Diamant	Diamond
Diméin	Demesne
Díonteach	Penthouse
Droichead	Bridge
Duga(i)	Dock(s)
Dumhcha	Dunes
Eachlann	Mews
Eastát	Estate
Faiche	Green
Fearann	Lands
Feirm	Farm
Foirgnimh	Buildings
Fothair	Dene
Fraoch	Heath
Gabhal	Junction
Gairdíní	Gardens
Garda	Guard
Garrán	Grove
Geata	Gate
Gleann	Glen
Gleann	Vale
Gleann	Valley
Gleannán	Dell

Gleanntán	Dale
Gléib	Glebe
Goirtín	Garth
Gort	Field
Gráig	Hamlet
Gráinseach	Grange
Halla	Hall
Iostáin	Cottages
Iothlainn	Haggard
Lána	Lane
Leithlanna	Apartments
Lóiste	Lodge
Mainéar	Manor
Mairdíog	Mardyke
Margadh	Market
Marglann	Mart
Meal	Mall
Mionárasáin	Flatlets
Móinéar	Mead
Móinteán	Moor
Mulláin	Downs
Oileán	Island
Óstaí	Inns
Páirc	Park
Paráid	Parade
Pasáiste	Passage
Plás	Place
Plásóg	Lawn
Póna	Pound
Promanáid	Promenade
Radharc	View
Rae	Row
Raon	Track
Rosán	Coppice
Rosán	Copse
Roschoill	Spinney
Scabhat	Alley
Scair(eanna)	Lott(s)

Seamlas	Shambles
Síneadh	Extension
Siúlán	Walk
Sráid	Street
Sráidbhaile	Village
Stuara	Arcade
Taobh	Side
Teach (Tithe)	House(s)
Teaghais	Dwelling
Teaghaiseáin	Maison(n)ettes
Trá	Strand
Trian	Third
Túr	Tower
Ubhchruth	Oval
Úllord	Orchard

## (2) (ii) Na Míreanna Aidiachtúla

Seo thíos liosta caighdeánach na míreanna aidiachtúla:

An Chéad	First
An Dara	Second
An Tríú	Third
Beag	Little
Cros-	Cross-
Cuar-	Circular
Cúil	Rear
Cúl-	Back
Iartharach	Western
Íochtarach (nó Íocht.)	Lower
Láir	Middle
Laistigh	Inner
Lasmuigh	Outer
Míleata	Military
Mór	Great
Nua	New
Oirthearach	Eastern
Príomh-	Main

Sean-	Old
Theas	South
Thiar	West
Thoir	East
Thuaidh	North
Tosaigh	Front
Uachtarach (nó Uacht.)	Upper

**Nóta:** Tá na liostaí thuas bunaithe ar an bprionsabal go mbeadh leagan amháin Gaeilge ag freagairt do leagan amháin Béarla, chomh fada agus ab fhéidir.

## (3) Na Gnásanna Clóghrafacha

Ní mór na gnásanna clóghrafacha a bheith socair:  
m.sh. *Bóthar Bhaile na nGabhar* nó *BÓTHAR BHAILE NA nGABHAR*

Níor cheart ceachtar acu seo thíos a scríobh:  
*Bóthar Bhaile Na nGabhar* nó *BÓTHAR BHAILE NA NGABHAR*

## (4) Córas Seiceála

Caithfidh córas éifeachtach seiceála nó "léamh profaí" a bheith i bhfeidhm ar gach céim den tslí ó bhreacadh an leagain Gaeilge tríd an bpróiseas clóscríbhneoireachta go dtí an greanadh ar an ainmchlár.

## (5) Eolas Cúlra Áitiúil

Tá gá le go leor eolais i dtaobh chúlra an ainm atá le haistriú: m.sh., ní féidir déileáil le *Green* in *Green Heights* gan a fhios a bheith ag na haistritheoirí cé acu an dath, "glas, uaine", réimse talún, "faiche, plásóg", nó sloinne, "Mac Grianna, Ó hUaithnín", atá i gceist.

Ar an gcuma chéanna, ní mór soiléiriú a dhéanamh ar *Clare* in *Clare Road* i nDroim Conrach i mBaile Átha Cliath. Cuirim i gcás dá mbeadh a fhios ag na haistritheoirí gur istigh i lár eastáit le hainmneacha oileán (leithéidí *Achill Road*, *Valentia Road*) atá sí seo, roghnóidís *Bóthar Chléire* nó *Bóthar Chliara*, ag brath air cé acu Oileán Chléire, Contae Chorcaí, nó Cliara, Contae Mhaigh Eo, atá i gceist agus ní sholáthróidís *Bóthar an Chláir*, bunaithe ar ainm an chontae. Ar ndóigh, bunús eile ar fad atá le *Clare Street*, in aice le Coláiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath.

Is chuige seo a theastaíonn cabhair an tsaineolaí nó an chumainn áitiúil. Féach an léiriú cuimsitheach thíos san Aguisín, Roinn (ii) **Ciorcláin Oifigiúla** atá bunaithe ar An tSuirbhéireacht Ordanáis, "Ciorclán F 2/86 ón Aire Comhshaoil", 3 Feabhra, 1986; 23 Deireadh Fómhair, 1986.

## (6) Gramadach

### (i) Déileáil le Sloinnte Gaelacha

Is sa tuiseal ginideach a bhíonn formhór mór na sloinnte a thagann i gceist in ainmneacha sráideanna. Mar sin, tagann siad faoi réir ghnáthrialacha an ghinidigh, mar aon le fo-rialacha na n-ainmneacha dílse. Féach na samplaí seo a leanas a bunaíodh ar leabhair thagartha a luaitear ar lch 18:

Túr Mhic Dhiarmada	McDermott Tower
Bóthar Mhic Craith	McGrath Road
Sráid Mhic Giolla Phádraig	Fitzpatrick Street
Iostáin Mhic Aogáin	Egan Cottages
Sráid Uí Chonaill	O'Connell Street
Páirc Uí Ghríofa	Griffith Park
Arda Uí Oisín	Hession Heights
Paráid an Bhreatnaigh	Walsh Parade
Ardán de Paor	Power Terrace

### (ii) Déileáil le Sloinnte Neamh-Ghaelacha

Fágtar iad faoi chló agus faoi litriú an Bhéarla, nó na teanga iasachta, .i. gan traslitríú foghrach Gaeilge. Ní shéimhítear an chéad chonsan.

m.sh.	Ardán Churchill	Churchill Terrace
	Bóthar Petrie	Petrie Road

Moltar nach mbeadh ainmneacha ar nós *Cúirt Bhearscail* (Verschoyle Court) agus *Bóthar Fuitbhort* (Whitworth Road) á dtabhairt ar shráideanna feasta.

### (iii) Céadainmneacha

#### Ainmneacha Naomh:

Más naomh dúchasach (nó naomh tábhachtach iasachta) a bhíonn i

gceist, is gnách go n-úsáidtear ainm an naoimh agus séimhiú air sa tuiseal ginideach, gan *Naomh* roimhe ná *Naofa* ina dhiaidh. Cuirim i gcás:

Páirc Bhríde	St. Brigid's Park
Céide Cholmcille	St. Colmcille's Drive
Corrán Phádraig	St. Patrick's Crescent
Ascaill Pheadair	St. Peter's Avenue

Más naomh eachtrannach a bhíonn i gceist, is gnách go gcuirtear *San* roimh ainm an naoimh, gan é a athrú. Cuirim i gcás:

Sráid San Aindrias	Andrew Street
Bailtíní San Sailbheastar	St. Sylvester Villas

Is ceadmhach, áfach, i gcás ar bith *Naomh* a chur roimh ainm an naoimh, gan é a athrú.

m.sh.	Faiche Naomh Caitríona	St. Catherine's Green
	Eastát Naomh Marcas	St. Mark's Estate

Tugtar faoi deara a thábhachtaí atá sé a fhios a bheith ag na haistritheoirí cé acu an naomh nó duine d'aicme eile, mar shampla, mac nó iníon leis an tógálaí, atá á chomóradh.

### (iv) Ceist an tSéimhithe ar Logainmneacha sa Tuiseal Ginideach

(a) Cuirtear séimhiú ar logainmneacha Gaeilge.

(b) Ní chuirtear séimhiú ná infhilleadh ar logainmneacha iasachta.

m.sh.	(a) Cearnóg Mhuirfean	Merrion Square
ach	(b) Cúirt Claremont	Claremont Court

### (v) Ainmneacha Crann

Is gnách go gcuirtear ainmneacha crann sa tuiseal ginideach, uimhir uatha, agus an t-alt roimhe.

m.sh.	Páirc na Dara	Oak Park
	Gairdíní an Leamháin	Elm Gardens
	Garrán an tSeiceamair	Sycamore Grove
	Bóthar na Sailí	Willow Road



## ATHAINMNIÚ SRÁIDEANNA, BÓITHRE

Cé go bhféadfaí athainmniú ó bhonn a dhéanamh ar shráideanna agus ar bhóithre de réir na bprionsabal thuasluaite, b'fhearr go mór na hainmneacha a ceapadh de réir córais eile a choimeád. Tá stairiúlacht áirithe dá gcuid féin ag baint leo um an dtaca seo agus taithí ag pobal na Gaeilge orthu. Ba leor athainmniú a dhéanamh sa chás a ndearnadh botún an chéad lá. Ar ndóigh, is de réir chóras caighdeánach an lae inniu a litreofar na hainmneacha ar gach ainmchlár nua. Mar sin, níor ghá athruithe ar nós:

Drury Street	An Bóthar Beag > Sráid Drury
Ely Place	Plás Íle > Plás Ely

Tugtar faoi deara go mbíonn ainm cinnte, má bhíonn an t-alt ann:

m.sh.	An tSráid Ard	High Street
	Sráid an Iarla Thuaidh	North Earl Street
	Sráid na hArdeaglaise	Cathedral Street
	Sráid na Teamhrach	Tara Street

Beidh seanleaganacha den litriú nó de logainm le tabhairt suas chun dáta de réir a chéile, freisin:

m.sh.	Cúirt Mhuirfean (Cúirt Mhuirbhtean)	Merrion Court
	Bóthar Dhroim Conrach (Bóthar Dromconrach)	Drumcondra Road

## AGUISÍN

### (i) An Staid Dhlíthiúil

Tugtar anseo thíos téacs na n-achtanna agus na rialachán oifigiúil a bhaineann go díreach le leaganacha Gaeilge logainmneacha an stáit:

*Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Síneacha), 1962, Ionstraim Reachtúil Uimh. 171 de 1962, Cuid II; Rialacháin maidir le Síneacha Tráchta de Bhun Ailt 95 den Acht, Caibidil I, Síneacha Eolais:*

3. (2) Taispeánfar logainmneacha i litreacha Rómhánacha i nGaeilge agus i mBéarla agus más ionann litriú don logainm sa dá theanga ní gá don inscríbhinn a bheith ar an sín ach uair amháin.

Leasaíodh é seo tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 3. (2):

*Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Síneacha) (Leasú), 1970, Ionstraim Reachtúil Uimh. 164 de 1970:*

(2) (a) Faoi réir forálacha fhomhír (b) taispeánfar logainmneacha i litreacha Rómhánacha i nGaeilge agus i mBéarla agus más ionann an litriú don logainm sa dá theanga ní gá ach inscríbhinn i nGaeilge amháin a bheith ar an sín.

(b) I limistéar a mbeidh sé cinnte le hordú faoi alt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956 (Uimh. 21 de 1956) gur limistéar Gaeltachta é is i nGaeilge amháin a bheidh na logainmneacha sa limistéar sin.

*Road Traffic (Signs) (Amendment) Regulations, 1988, Statutory Instrument No. 292 of 1988:*

(2) (a) Subject to the provisions of sub-paragraph (b), place-names on all informative signs provided after 1st January, 1989 shall be shown in italic letters in Irish and in Roman letters in English and where the spelling of a place-name is similar in both languages an Irish inscription in italic letters only need be shown on the sign. [Níl leagan Gaeilge curtha ar fáil go fóill.]

Ghlac Tithe an Oireachtais le *An tAcht Logainmneacha (Foirmeacha Gaeilge)*, 1973. *Place-Names (Irish Forms) Act, 1973*, (Uimhir 24 de 1973), arb é a theideal fada ná:

*Acht á Údarú don Aire Airgeadais Foirmeacha Gaeilge Logainmneacha a Shonrú chun Críocha Dlí agus do Dhéanamh Socrú i dTaobh Nithe Eile a Bhaineann leis an Ní Réamhráite. [21 Samhain, 1973.]*

Tar éis don Aire Airgeadais comhairle a fháil ón gCoimisiún Logainmneacha agus an chomhairle sin a bhreithniú, tá cead aige de réir an Achta seo ordú logainmneacha a dhéanamh á dhearbú gurb é "X" is iontamhail i nGaeilge do logainm a bheidh sonraithe, ach an t-ordú a chur faoi bhráid gach tí den Oireachtas taobh istigh d'achar áirithe. Is mar seo a leanas a bheachtaítear an staid dhlíthiúil:

3. (1) Focal nó focail a mbeidh dearbhaithe ag an Aire in ordú logainmneacha gurb é nó gurb iad is iontamhail i nGaeilge do logainm a bheidh sonraithe san ordú, forléireofar i ndoiciméad dlíthiúil, mura léir a mhalairt d'intinn, é nó iad a bheith ar chomhbhrí agus ar chomhfheidhm agus ar chomhéifeacht leis an logainm a bheidh sonraithe amhlaidh.

Tugadh an t-aitheantas dlíthiúil seo do na leaganacha Gaeilge a chuir an tSuirbhéireacht Ordanáis ar fáil in *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist*, 1969, faoi Ionstraim Reachtuil Uimhir 133 de 1975 dar theideal *An tOrdú Logainmneacha (Foirmeacha Gaeilge) (Uimh. 1) (Postbhailte)* 1975.

## (ii) Ciorcláin Oifigiúla

Tá treoir oifigiúil tugtha, leis, do gach Bainisteoir Chontae agus Contae-Bhuirge, do gach Rúnaí Contae agus Cléireach Baile i dtaobh ceapadh ainmneacha nua sráide agus araile, féach:

An Roinn Rialtais Áitiúil, "*Logainmneacha dúchasacha a choinneáil in ainmniú bóithre nua 7rl.*" (F. 241/3 F. 11/77), 14 Iúil, 1977:

Tá órdaithe dom ag an Aire Rialtais Áitiúil a rá go bhfuil curtha in iúl dó ag an Choimisiún Logainmneacha go bhfuil siad imníoch faoin chaoi ina ligtear i léig seanainmneacha dúchasacha tré gan iad a úsáid in ainmniú bóithre agus sráideanna i gceantair nua-fhorbartha. Is mian leis an gCoimisiún go gcoimeádfai beo na logainmneacha stairiúla seo tré a leithéid a úsáid.

Is cúis imní dóibh na seanainmneacha seo a bheith á múchadh i bhfabhar ainmneacha nuachumtha nach bhfuil baint acu leis an gceantar.

Tá an tAire ar aon intinn leis an gCoimisiún faoi cheist seanainmneacha dúchasacha a choinneáil agus is mian leis a iarraidh ar na húdaráis áitiúla a ndícheall a dhéanamh chun a fháil amach céard iad na logainmneacha traidisiúnta a bhaineann le gach áit atá á fhorbairt d'fhonn iad a úsáid in ainmniú bóithre agus sráideanna nua.

Tá soiléiriú oifigiúil breise tagtha ón Rialtas ó shin, leis. D'eisigh an Roinn Comhshaoil an ciorclán dar theideal "*Ainmniú Sráideanna agus Bóithre, Uimhriú Tithe agus úsáid na Gaeilge*" (F. 2/86), 3 Feabhra, 1986, mar seo a leanas:

Tá órdú agam ón Aire Comhshaoil a chur in iúl go bhfuil gearáin fós á fháil aige i dtaobh ainmniú sráideanna agus bóithre, uimhriú tithe agus soláthar ainmplátaí feiliúnacha do bhóithre sna bailte. Is mian leis go n-ainmneofai sráideanna agus bóithre agus go gcuirfi uimhreacha ar thithe i scéimeanna tithíochta chomh luath agus is féidir, i rith na tógála....

Iarrtar ar údaráis áitiúla leagan amach dhátheangach a úsáid le haghaidh ainmplátaí bóithre i scéimeanna nua tithíochta agus nuair atá ainmplátaí nua á chur suas in áit seanchinn, más i mBéarla amháin atá siad faoi láthair. Ba chóir logainmneacha áitiúla a úsáid in ionad logainmneacha nach mbaineann leis an gceantar, nuair atá ainmneacha á roghnú le haghaidh scéimeanna nua tithíochta. Dá ndéanfadh údaráis áitiúla amhlaidh, bheadh siad ag cuidiú le caomhnú logainmneacha stairiúla.

Iarrtar ar údaráis áitiúla freisin an leagan ceart Gaeilge a chur ar fáil de ainmneacha sráideanna, de bhóithre agus de cheantair cónaithe i limistéar an údaráis. Chuideodh sé seo leis na seirbhísí poist agus le daoine ar mian leo seoltaí poist Gaeilge a úsáid. Ba chóir aire speisialta a thabhairt go bhfuil na leaganacha Gaeilge ceart ó thaobh litriú agus gramadaí de.

Thug an Coimisiún Logainmneacha le fios don Aire go bhfuil siad sásta comhairle a thabhairt do údaráis áitiúla faoin bhfoirm cheart Ghaeilge de logainmneacha.

Shoiléirigh Oifig na Suirbhéireachta Ordanáis an tslí ab fhéidir leo an chabhair seo a thabhairt ina gclár féin dar theideal "Ciorclán F 2/86 ón Aire Comhshaoil"; "An dara hiarratas", 23 Deireadh Fómhair, 1986:

Go praiticiúil, is í an Oifig Logainmneacha sa tSuirbhéireacht Ordanáis faoi chomhairle an Choimisiúin Logainmneacha a thabharfaidh an chomhairle sin. Mar gheall ar nádúr logánta a lán de na hainmneacha a thioctadh i gceist, ámh, bheadh tábhacht ar leith le heolas áitiúil mar thacaíocht le cumas taighde na hOifige. Dá bhrí sin, iarrann an Oifig Logainmneacha ar an údarás agatsa duine (nó cumann) a ainmniú a mbeadh an t-eolas cuí aige ar stair agus ar thraidisiúin dúiche an údaráis, mar aon le heolas ar an nGaeilge. Chun tús a chur leis an obair d'fhéadfadh an duine nó an cumann sin foirmeacha sealadacha Gaeilge a sholáthar don údarás ar bhonn an eolais sin.

Go háirithe, ba chóir don té a d'ainmneodh an t-údarás aird a thabhairt ar na gnéithe seo leanas:

- (i) na heilimintí sna hainmneacha áitiúla ar logainmneacha iontu féin iad (is cóir iad seo a liostáil agus an suíomh a thabhairt go cruinn);
- (ii) eolas oiriúnach a bhaineann le sloinne áitiúla (mar shampla, i gcás ainm mar *Green St.*, níor léir ón ainm féin cé acu (a) faiche, nó (b) dath -- uaithne, glas -- nó (c) sloinne é *Green*, agus más sloinne é, cé acu *Sráid Uí Uaithne*, *Sr. Uí Uaithnín*, *Sr. Uí Ghlaisne*, *Sr. Mhic Glaisín*, *Sr. Mhic Giolla Ghlais*, *Sr. an Ghraoinigh*, *Sr. an Ghrian(n)aigh*, *Sr. Mhig Reannacháin*, nó fiú *Sr. Uí Fhathaidh*, ba chuirte) mar d'fhéadfadh aon cheann díobh siúd a bheith ceart de réir a shuímh) -- is ag muintir na háite is fearr a bhíonn an t-eolas seo de ghnáth;
- (iii) eolas a bheadh teoranta don cheantar, mar shampla, focail neamhghnácha, eachtraí staire nó traidisiúin áitiúla, etc.

Úsáidfidh an Oifig Logainmneacha na foirmeacha sealadacha agus an t-eolas a chuirfidh an t-údarás ar fáil di, mar aon le comhairle ó Rannóg Aistriúcháin Thithe an Oireachtais faoin téarmaíocht chuí, chun foirmeacha oiriúnacha Gaeilge a dheimhniú.

### (iii) Moltaí a Rinne an Grúpa Stiúrtha faoin nGaeilge sa tSeirbhís Rialtais Áitiúil

Nuair a d'fhoilsigh an Grúpa Stiúrtha faoin nGaeilge sa tSeirbhís Rialtais Áitiúil a leabhrán, *Moltaí. Recommendations*, sa bhliain 1986 d'fhéach siad lena mbuntuiscint a shoiléiriú, faoi mar a mhínigh a gCathaoirleach, an tOllamh Máirtín Ó Murchú, ina Bhrollach:

... measann an Grúpa Stiúrtha, chun go mbeadh éifeacht le a gcuid moltaí, nár mhór dóibh díriú ar dtús ar dhúshraith stóinsithe de shocruithe eagraíochta a leagadh síos,  
(*Ibid.*, lch 3)

Dhearbhaigh an Grúpa Stiúrtha an tábhacht a bhí á cur acu féin leis na logainmneacha, maidir le "Comharthaí treocha (comharthaí fáisnéise)" de:

Is iad na logainmneacha an fhianaise chomhaimseartha is deimhnithí dá bhfuil ann ar shinsearthacht ghaelach an phobail agus ba chóir, dá bhrí sin, go léireofaí meas agus tuiscint orthu i gcomharthaí bóthair agus i bhfógraí poiblí eile. Ba chóir an leagan Gaeilge a thaispeáint ar an slí a b'éifeachtaí a b'fhéidir.

... Tá ardmheas ag an nGrúpa Stiúrtha ar dhreach na gcomharthaí nua bóthair ach molann siad go bhféachfaí, i bhfad na haimsire, le leagan nua a dhearadh a bheadh níos éifeachtaí sholéite fós agus a dheimhneodh cuid súl níos mó don fhoirm Ghaeilge.

I gcás fógraí faoi shéadchomharthaí náisiúnta, agus faoi áiteanna a bhfuil stairiúlacht nó áilleacht ar leith ag baint leo 7rl., measann an Grúpa Stiúrtha nach miste in aon chor go mbeadh na fógraí sin ag réiteach i bhfoirm agus i bhfriotal le na gnáthfhógraí bóthair.  
(*Ibid.*, lgh 4-5)

Ar ndóigh, maidir leis na moltaí seo i dtaobh logainmneacha, ba chuid iad de mholtaí cuimsitheacha a bhain le húsáid na Gaeilge i réimsí go leor eile de theagmháil na n-údarás áitiúil leis an bpobal. Ba iad sin ceanteidil litreacha; suaitheantais agus noda teidil; fógraí poiblí; comharthaí rabhaidh agus treo (comharthaí rialaitheacha) ar bhóithre; foirmeacha; agus gnásanna faoi úsáid teanga: ainmneacha pearsanta agus rogha teanga, go háirithe i gcomhfhreagras.

#### (iv) An Córas Pleanála

Tá céimeanna á nglacadh ag údaráis áitiúla chun ionad struchtúrtha sa chóras pleanála a thabhairt do cheapadh ainmneacha eastát, sráideanna agus bóithre. Ar an gcuma seo, táthar ag féachaint le treoracha an Aire Comhshaoil agus mian an Choimisiúin Logainmneacha, faoi mar a léirítear iad sna ciorcláin oifigiúla thuasluaite, a chur i ngníomh.

Is é tuairim láidir Fhochoiste Sráidainmneacha an Choimisiúin Logainmneacha gur cheart go mbeadh tógálaithe, staraithe áitiúla, saineolaithe logainmneacha agus ionadaithe poiblí rannpháirteach i gcheapadh na n-ainmneacha nua. Tá an timpeallacht logainmneacha róthábhachtach don phobal go léir chun go bhfágfaí faoi lámh aon ghrúpa amháin é. Níor ghá aon deighilt shuntasach a bheith idir an próiseas ainmnithe d'eastáit tithíochta na n-údarás áitiúil agus d'eastáit a thógtar go príobháideach.

Molann an Fochoiste Sráidainmneacha go ndéanfaí socrú (trí scoláireacht iarchéime a sholáthar, nó ar shlí eile) chun go bhfoilseofaí leabhrán le rogha fhairsing d'ainmneacha oiriúnacha Gaeilge/Béarla a d'oirfeadh d'eastáit nua tithíochta, ainmneacha a dhéanfadh ceangal leis an gcúlra topagrafach agus leis an gcúlra staire agus a mbeadh glacadh ag áitritheoirí an lae inniu leo.

## TAGAIRTÍ

Brainse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis, *Gasaitéar na hÉireann. Gazetteer of Ireland* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1989).

Joyce, P. W., *The Origin and History of Irish Names of Places* (Dublin, 1875; Wakefield, Yorkshire: EP Publishing Limited, 1972).

Mac Aodha, Breandán S., "The History and Nature of Irish Street Names", *Names* Vol. 37, No. 4 (December 1989) lgh 345-65.

MacLysaght, Edward, *The Surnames of Ireland* (Dublin: Irish Academic Press, 1985).

Mac Mathúna, Liam, *Ár dTimpeallacht Logainmneacha Inniu agus Amárach* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1990).

Mac Mathúna, Liam, *Ainmneacha Pearsanta, Sloinnte, Logainmneacha na hÉireann. Foinsí Eolais* (Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge, 1991).

Ó Droighneáin, Muiris, *An Sloinnteoir Gaeilge agus an tAinmneoir* (leasaithe agus méadaithe ag Micheál Ailf Ó Murchú) (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1991).

Ó hAnluain, L. A., *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1985).

Ordnance Survey of Northern Ireland, *Éire Thuaidh. Ireland North* (Belfast: Department of the Environment, 1988).

## SEOLTAÍ OIFIGIÚLA

An Coimisiún Logainmneacha, An tSuirbhéireacht Ordanáis, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8.

Bord na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Brainse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8.

Grúpa Stiúrtha faoin nGaeilge sa tSeirbhís Rialtais Áitiúil, An Roinn Comhshaoil, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1.